# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht, 2022

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Bitheolaíocht

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Réamhrá**

Is treoir an scéim mharcála maidir le marcanna a bhronnadh i ndáil le freagraí iarrthóirí. Treoir achomair chruinnbheacht atá inti agus í curtha le chéile d'fhonn a laghad focal agus is féidir a úsáid. Ní foláir don scrúdaitheoir an scéim seo a leanúint go dlúth agus níl cead marcanna a thabhairt i ndáil le freagraí nach dtagann faoi scáth na scéime seo. Tá focail, téarmaí agus frásaí buntábhachta luaite sa scéim ar féidir marcanna a bhronnadh ar an iarrthóir ina leith. Ní fhágann sin nach bhfuil glacadh le focail ná téarmaí ná frásaí comhchiallacha lena gcuirtear in iúl an rud céanna le freagra na scéime. Cé go bhfuil glacadh go ginearálta le focail chomhchiallacha, tharlódh cásanna a bheith ann ina n-éileofaí téarma cruinnbheacht eolaíochta nó freagairt aonchiallach faoin scéim agus nach mbeadh glacadh sa chás sin le roghanna eile. Ní liosta críochnaitheach iad an cur síos, na modhanna oibre ná na sainmhínithe a luaitear sa scéim agus tá glacadh le freagraí bailí eile. Sa chás go dtagann sé chun aire an scrúdaitheora go bhfuil freagra bailí tugtha ag iarrthóir agus gan aon soláthar déanta sa scéim gur féidir glacadh leis an bhfreagra sin, ní mór don scrúdaitheoir ar an gcéad dul síos dul i gcomhairle leis an scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna. Go ginearálta, más ann d'amhras faoi aon fhreagra, ba cheart do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.

**Conas an scéim mharcála a úsáid**

- Sa chás nach dteastaíonn ach freagra amháin déantar freagraí malartacha a dheighilt le '<u>**nó**</u>'.
- Sa chás go dteastaíonn ilfhreagraí, cuirtear soladas ( / ) idir focal, téarma nó nath a dtugtar marcanna ina leith agus an chéad fhocal, téarma nó nath eile.
- Luaitear an marc a bhronntar i ndáil le freagra faoi chló trom anonn ón bhfreagra.
- Sa chás go bhfuil níos mó ná cuid amháin i bhfreagra, luaitear an marc a bhronntar i ndáil le gach cuid den fhreagra idir lúibíní, e.g. ciallaíonn **5(4)** go bhfuil cúig chuid ag baint leis an bhfreagra agus go gcuirtear **4 mharc** i leith gach cinn acu sin.
- Ní móide go gcuirfí marc áirithe i leith fhreagra gach fochoda de cheist; m.sh d'fhéadfadh sé fhochuid a bheith ag baint le ceist – (a), (b), (c), (d), (e), (f) – agus **20 marc** san iomlán curtha i leith na ceiste sin. D'fhéadfadh an scéim marcála a bheith mar a leanas, **2(4) + 4(3)**. Ciallaíonn sin go mbronntar **4 mharc** an ceann i leith an chéad dá fhreagra chearta agus gur **3 mharc** an ceann a bhronntar i leith gach freagra chirt ina ndiaidh sin.
- An focal nó téarma a luaitear idir lúibíní ( ), ní gá go mbeadh sé sa fhreagra, is ar mhaithe le comhthéacs an fhreagra a thabhairt a luaitear é nó d'fhéadfadh sé bheith mar fhreagra malartach.

**Roinnt samplaí den phróiseas marcála**

1. **Ní féidir marcanna a bhronnadh i ndáil le focail ná le frásaí buntábhachta, ach amháin sa chás go gcuirtear i láthair iad sa chomhthéacs ceart.**

   **Ceist shamplach:** *Tabhair breac-chuntas achomair ar conas a dhéanann an t-uisce a bhealach ón ithir chuig an duille.*

   **Luaitear sa scéim marcála:** Grádán tiúchana / osmóis / fréamhribe / fréamhbhrú / ó chill go cill / xiléim / trasghalú nó galú / comhghreamú (nó míniú) / nó greamú (nó ribeadas nó míniú) nó teannas (nó míniú)

   ***Sé cinn ar bith*** **6(3)**

   **Freagra samplach:** *Tarraingítear uisce suas an xiléim trí osmóis.*

   Cé go bhfuil dhá théarma buntábhachta (xiléim, osmóis) tugtha ag an iarrthóir, tá an ráiteas mícheart agus ní féidir a bhronnadh ar an iarrthóir ach **trí mharc** i ndáil le tagairt do ghluaiseacht an uisce tríd an xiléim.

2. **Freagraí ar Ceal**

   *Sliocht é seo a leanas as* **S.63o** *Treoracha do Scrúdaitheoirí, 2022 (d'ábhair atá á marcáil ar líne)* (cuid 5.4, lch. 18):

   > *"I gcás go bhfreagraíonn iarrthóir ceist nó cuid de cheist aon uair amháin agus go gcealaítear an freagra ansin, ba chóir duit neamhaird a dhéanamh den chealú sin agus plé leis an bhfreagra faoi mar nár cealaíodh riamh é."*

   **Ceist shamplach:** *Cad is pailniú ann?*

   **Luaitear sa scéim marcála:** Aistriú pailine / ón antar/ go dtí an stiogma. **3(3)**

   **Freagra samplach:** ~~*Aistriú pailine ón antar go dtí an stiogma.*~~

   Tá an freagra curtha ar ceal ag an iarrthóir agus níor thug an t-iarrthóir iarracht eile an cheist a fhreagairt agus is féidir **2(3)** mharc a bhronnadh.

   Má chuirtear freagra ar ceal agus má thugtar leagan eile, ba chóir glacadh leis an gcur ar ceal agus marcanna a bhronnadh, sa chás go dtuilltear amhlaidh, ar an leagan neamhchealaithe amháin.

   Má thugtar dhá leagan neamhchealaithe (nó níos mó) de fhreagra ar an gceist chéanna nó ar chuid de cheist, ba chóir an dá leagan (nó iad ar fad) a mharcáil agus glacadh leis an bhfreagra a thuilleann an méid is airde marcanna. Ní féidir, mar sin féin, pointí ó chúpla leagan a chur le chéile chun scór iomlán a cheapadh.

3. **Freagraí farasbairr: [I Roinn A amháin] - Cuirtear na marcanna a bhronntar i leith freagra ceart ar ceal sa chás go dtugtar freagra farasbairr atá contráilte.**

   **(i)** **Ceist shamplach 1:** *Tá ballaí soithigh xiléime treisithe le…………*

   **Luaitear sa scéim marcála:** Lingin **4 mharc**

   **Freagra samplach:** *Citin, lignin*

   Tá freagra farasbairr tugtha agus é contráilte, dá réir sin gnóthaíonn an t-iarrthóir **4 – 4 mharc = 0**.

**<u>Freagra samplach:</u>** ~~*Lingin*~~

Tá an freagra, atá ceart, curtha ar ceal, ach níl aon fhreagra breise ná freagra farasbairr tugtha, dá réir sin is féidir **4 mharc** a bhronnadh ar an iarrthóir.

**<u>Freagra samplach:</u>** *Lignin,* ~~*citin*~~

Tá freagra farasbairr tugtha, agus é contráilte, ach tá an ceann sin curtha ar ceal agus toisc gur thug an t-iarrthóir breis agus freagra amháin (i.e. tá an t-iarrthóir ag freagairt na ceiste breis agus uair amháin), is féidir glacadh leis an gcur ar ceal agus is féidir **4 mharc** a bhronnadh air/uirthi.

**(ii)** **<u>Ceist shamplach 2</u>:** *Ainmnigh na ceithre dhúil a bhíonn i bpróitéin i gcónaí.*

**<u>Luaitear sa scéim marcála:</u>**

Carbón / hidrigin / ocsaigin / nítrigin **4(3)**

**<u>Freagra samplach:</u>** *Carbón, hidrigin, ocsaigin, nítrigin, cailciam*

Tá freagra farasbairr ann, atá mícheart, a chuireann ar ceal ceann amháin de na freagraí cearta, dá réir sin bronntar **3(3)** mharc ar an iarrthóir.

**<u>Freagra samplach:</u>** *Carbón, hidrigin, ocsaigin, cailciam*

Níl freagra farasbairr ann, is ann do thrí fhreagra chearta, dá réir sin bronntar **3(3)** mharc ar an iarrthóir.

**<u>Freagra samplach:</u>** *Carbón, hidrigin, ocsaigin, cailciam, alúmanam*

Tá freagra farasbairr ann, atá mícheart, a chuireann ar ceal ceann amháin de na trí fhreagra chearta, dá réir sin bronntar **2(3)** mharc ar an iarrthóir.

**<u>Freagra samplach:</u>** *Carbón, hidrigin, ocsaigin, nítrigin,* ~~*alúmanam*~~

Tá freagra farasbairr ann, agus é contráilte, ach tá sé curtha ar ceal, dá réir sin bronntar **4(3)** mharc ar an iarrthóir.

I gcodanna eile den pháipéar, i Roinn B agus Roinn C, d'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina gcuirtear freagra ceart ar neamhní má thugtar freagra contráilte sa bhreis air.  Tagann sin i gceist nuair is focal nó téarma sainiúil an t-aon fhreagra ceart ar féidir glacadh leis. Cuirtear gach cás den sórt sin in iúl sa scéim le réiltín *.

**Nótaí mínithe a úsáidtear sa mharcáil**

Rinne scrúdaitheoirí na scripteanna a mharcáil ag baint úsáid as ardán marcála ar líne. Léiríonn an tábla seo a leanas na nótaí mínithe (siombailí) a chuireann na scrúdaitheoirí i bhfeidhm agus iad ag marcáil na scripteanna. Mínítear brí agus úsáid gach ceann de na nótaí mínithe a chuirtear i bhfeidhm sa tábla freisin. Feicfear na nótaí seo ar script má bhreathnaítear orthu mar chuid den phróiseas achomhairc. Breathnófar ar nótaí mínithe a chuireann scrúdaitheoir i bhfeidhm i ndearg. Na scripteanna a bhí marcáilte ag scrúdaitheoirí comhairleacha freisin, taispeánfaidh siad nótaí mínithe i ndath glas.

| Nóta mínithe | Brí |
|---|---|
| ✓ | Léiríonn an tsiombail seo freagra ceart. |
| ✗ | Léiríonn an tsiombail seo freagra mícheart. |
| ✗c | Freagra mícheart breise. Tá freagra ceart curtha ar ceal ag freagra mícheart breise. |
| ⦚ | Cuirtear an tsiombail seo ar gach leathanach bán nó ar chuid den leathanach chun a léiriú go bhfuil sé feicthe ag an scrúdaitheoir. |
| ～ | Is féidir leis an scrúdaitheoir an tsiombail seo a úsáid chun cuid de fhreagra ceiste a bhfuil tábhacht leis a léiriú. |
| ✓i | Úsáidtear an tsiombail seo chun freagra ceart a léiriú ar lipéad ar léaráid. Úsáidtear í sna ceisteanna seo a leanas in 2022: Q11 (b) (i); Q13 (a) (i); Q14 (c) (iii); Q15 (b) (ii); Q15 (c) (ii); Q16 (a) (ii); Q16 (b) (i). |
| ✗i | Úsáidtear an tsiombail seo chun freagra mícheart a léiriú ar lipéad ar léaráid. Úsáidtear í sna ceisteanna seo a leanas in 2022: Q11 (b) (i); Q13 (a) (i); Q14 (c) (iii); Q15 (b) (ii); Q15 (c) (ii); Q16 (a) (ii); Q16 (b) (i). |
| ✓d | Úsáidtear an tsiombail seo chun freagra ceart a léiriú le haghaidh léaráide. Úsáidtear í sna ceisteanna seo a leanas in 2022: Q11 (b) (i); Q13 (a) (i); Q14 (c) (iii); Q15 (c) (ii); Q16 (a) (ii). |
| ✗d | Úsáidtear an tsiombail seo chun freagra mícheart a léiriú ar léaráid. Úsáidtear í sna ceisteanna seo a leanas in 2022: Q11 (b) (i); Q13 (a) (i); Q14 (c) (iii); Q15 (c) (ii); Q16 (a) (ii). |
| ^ | Úsáidtear an tsiombail seo chun a léiriú go bhfuil focal nó frása ar iarraidh. |
| SEEN | Úsáidtear an tsiombail seo lena chur in iúl go bhfaca an scrúdaitheoir leathanach nach bhfuil freagra ann nó ceist nach bhfuil freagra curtha síos ag an iarrthóir ina leith. |

| Roinn A | An 4 Fhreagra is Fearr | 80 |
|---|---|---|

**Ceist 1** **5(4)**

(a) *Ainmnigh na **ceithre** dhúil a fhaightear i **ngach** próitéin.*

Carbón (C), Hidrigin (H) Ocsaigin (O), Nítrigin (N) **4**

(b) *Ainmnigh dúil nach bhfaightear ach uaireanta i bpróitéiní.*

Fosfar (P) **nó** Sulfar (S) **4**

(c) *Cé mhéad aimínaigéad coitianta a fhaightear i bpróitéiní?*

Fiche (20) **4**

(d) *Ainmnigh aon phróitéin shnáithíneach **amháin**.*

Ceiritin **nó** mióisin **nó** collaigin **nó** sampla bailí ar bith eile **4**

(e) *Tabhair ról meitibileach **amháin** atá ag próitéiní.*

Einsímí **nó** hormóin **nó** antasubstaintí **nó** sampla bailí ar bith eile **nó** ról ar bith ar cuireadh síos air **4**

(f) *Tabhair foinse mhaith próitéine **amháin** sa réim bhia.*

Feoil **nó** iasc **nó** sicín **nó** cnónna **nó** lintilí **nó** uibheacha **nó** déiríocht **nó** aon chúis bhailí eile **4**

| C1 (a) – (f) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 4 | 8 | 12 | 16 | 20 | 20 |

**Ceist 2** **6(3) + 2**

(a) *Éiceolaíocht*

Staidéar ar (idirghníomhaíochtaí idir) orgánaigh agus a dtimpeallacht (nó a ngnáthóg)

(b) *Biashlabhra*

Seicheamh orgánach a thaispeánann aistriú fuinnimh ó cheann amháin go ceann eile

(c) *Toisc éidifeach*

(Toisc a bhaineann le) ithir

(d) *Staidéar cainníochtúil*

Méid (nó líon) na n-orgánach a thomhas.

(e) *Uiliteoir*

(Orgánach a) itheann plandaí agus ainmhithe

(f) *Iomaíocht choimhlinte*

Streachailt le haghaidh acmhainne (atá gann) le buaiteoir amháin nó cur síos air

(g) *Fosú nítrigine*

(Tiontú) nítrigine ($N_2$) (atmaisféaraí) go foirm inúsáidte (nó sampla)

| C2 (a) – (g) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 | 12 | 15 | 18 | 20 |

**Ceist 3** **6(3) + 2**

(a) *Ainmnigh an **dá** chomhpháirt cheimiceacha a chomhdhéanann crómasóim*.

DNA

Próitéin

(b) *An ó bhaineannach nó ó fhireannach an caraitíopa a thaispeántar thuas?*

Mná

(c) *Cosain an freagra a thug tú ar chuid (b) thuas.*

Tá dhá X-chrómasóm **nó** gan aon Y-chrómasóm aige

(d) *Cén fhianaise a thaispeántar sa charaitíopa go bhfuil an riocht géiniteach, siondróm Down, ar an duine sin?*

Tá crómasóm breise ann **nó** trí (chóip) de chrómasón 21 **nó** trí chóip de cheann amháin de na crómasóim ann.

(e) *Ainmnigh an cineál eile sócháin sin.*

Géin **nó** pointe (sóchán)

(f) *Tabhair feidhm **amháin** eile atá ag saothrúchán fíocháin*

Taighde ailse **nó** pórú plandaí **nó** taighde gascheall **nó** nódú cnis **nó** aon sampla bailí.

| C3 (a) – (f) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 | 12 | 15 | 18 | 20 |

**Ceist 4** **6(3) + 2**

(a) *Mínigh an fáth nach féidir an íomhá a tháirgeadh agus le micreascóp solais.*

Tá (miteacoindre) róbheag (le feiceáil ag baint úsáid as micreascóp solais)

(b) *Ainmnigh cineál **amháin** de chill ainmhí **nach** bhfuil miteacoindrí inti.*

Fuilchill dhearg (nó eiritricít)

(c) *(i) Ainmnigh an chéim den riospráid aerobach **nach** dtarlaíonn sa mhiteacoindre **agus** luaigh an suíomh ina dtarlaíonn sé.*

*Ainm:* Glicealú

*Suíomh:* Cíteasol (glac le cíteaplasma)

*(ii) Ainmnigh an tsraith d'imoibrithe ceimiceacha a bhfuil baint ag aicéitil Co-A léi agus a tharlaíonn sa mhiteacoindre.*

Timthriall Krebs

*(iii) Luaigh líon na n-adamh carbóin i móilín d'aicéitil comheinsím A.*

Dhá cheann (2)

(d) *Uaireanta, táirgtear aigéad leachtach le linn riospráide. Déan cur síos ar riocht a bhféadfadh sé sin tarlú lena linn.*

(Dálaí) anaeróbacha **nó** easnamh ocsaigine nó cur síos orthu

| C4 (a) – (d) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 | 12 | 15 | 18 | 20 |

**Ceist 5** **6(3) + 2**

| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| (a) | *Tá copar (Cu) ar cheann de na dúile coitianta i mbia.* | ☐ | ☑ |
| (b) | *Is saintréith de chuid na beatha atá sa fhreagairt.* | ☑ | ☐ |
| (c) | *Pléascfar cill ainmhí má chuirtear i dtuaslagán siúcra thiubhaithe í.* | ☐ | ☑ |
| (d) | *Is fuilchealla bána iad macrafagaigh a thálann bréifnin (perforin).* | ☐ | ☑ |
| (e) | *Is grúpaí fíochán iad orgáin a bhfuil feidhm i gcomhpháirt acu.* | ☑ | ☐ |
| (f) | *Úsáidtear eitéin chun torthaí a aibiú.* | ☑ | ☐ |
| (g) | *Tá na baill uile de Ríocht na bhFungas heitreatrófach.* | ☑ | ☐ |

| C5 (a) – (g) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 | 12 | 15 | 18 | 20 |

**Ceist 6** **6(3) + 2**

(a) *Cén tátal maidir le díleá lipidí a d'fhéadfadh an mac léinn a bhaint as graf na dtorthaí?*

Tá (díleá lipidí) níos gasta (ráta níos airde) le liopáis nó agus salann domlais le chéile (seachas le liopáis amháin)

**nó**

Tá (díleá lipidí) níos moille (ráta níos ísle) le liopáis aisti féin.

(b) *Ainmnigh an **dá** tháirge ar toradh iad ar dhíleá iomlán lipidí ag an liopáis.*

Aigéid shailleacha
Gliocról

(c) *Ainmnigh suíomh i gcóras an díleá ina ndéanann liopáis lipidí a dhíleá.*

Dúidéineam (glac le haoineán **nó** le hiléam **nó** le stéig bheag **nó** goile)

(d) *Mol pH optamach i gcomhair díleá lipidí sa suíomh atá tugtha agat i gcuid (c) thuas.*

7-9 (meaitseáilte leis an stéig bheag) *(glac leis i raon 1-5 meaitseáilte leis an ngoile)*

(e) *Déan cur síos ar ghníomhú an domlais ar lipidí.*

Eiblíonn (nó cur síos air) **nó** méadaíonn sé achar dromchla

(f) *Ainmnigh an struchtúr taobh istigh de gach villeas a ionsúnn táirgí díleá lipidí.*

Lachtacháin

| C6 (a) – (f) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 | 12 | 15 | 18 | 20 |

**Ceist 7** **6(3) + 2**

(a) *Ainmnigh móilín A.*

Aigéad núicléasach **nó** RNA **nó** DNA

(b) *Tarraing saighead ó 'X' chun suíomh antaigine a thaispeáint go cruinn.*

Saighead cheart

(c) *Mínigh an fáth a ndeirtear gur seadáin éigeanta iad víris.*

Teastaíonn óstach chun iad féin a mhacasamhlú (nó a atáirgeadh) **nó** ní féidir leo iad féin a mhacasamhlú leo féin

(d) *Mínigh go sonrach cad a chiallaíonn an téarma vacsaíniú.*

*Cad é rud é:* Dáileog neamhbheo pataigine nach cúis le galar í (nó antaigin nó cuid de phataigin) a thabhairt nó cur síos air

*Cad a dhéanann sé:* Spreagann táirgeadh antasubstaintí **nó** spreagann sé díolúine gníomhach **nó** spreagann cealla cuimhne

(e) *Ainmnigh víreas díobhálach **amháin**, seachas SARS-CoV-2.*

Víreas díobhálacha bailí ar bith.

(f) *Tabhair sampla **amháin** d'fheidhm thairbheach atá ag víreas.*

Innealtóireacht ghéiniteach (veicteoir) **nó** ionfhabhtú baictéarach a chóireáil **nó** táirgeadh vacsaíne **nó** aon fhreagra bailí eile

| C7 (a) – (f) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 | 12 | 15 | 18 | 20 |

| **Roinn B** | **An 1 Fhreagra is Fearr** | **30** |
|---|---|---|

**Ceist 8** **30**

(a) *Déan idirdhealú idir:*

*Eocarótach:*

Tá núicléas **nó** orgánaid iata ag scannáin ann **3**

*Prócarótach:*

Níl núicléas **nó** orgánaid iata ag scannáin ann **3**

**2**

| C8 (a) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 |
|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 |

**8(3)**

(b) (i) *Cé acu íomhá, A nó B, a léiríonn fíochán planda?*

*B **3**

(ii) *Tabhair cúis le do fhreagra i gcuid (b) (i) thuas.*

Tá cillbhalla ann **nó** tá trácht ar chruth na gceall (tá cruth níos rialta ar íomhá **B** **nó** tá cruth níos neamhrialta ar íomhá **A**) **nó** tá gach cill ceangailte (nasctha) lena chéile **nó** aon trácht bailí **3**

(iii) *Sainaithin struchtúr **Z**.*

*Núicléas **3**

(iv) *Agus cealla á scrúdú faoin micreascóp:*

1. *Ainmnigh smál ar bhaint tú úsáid as.*

   Gorm meitiléine **nó** iaidín **nó** sampla ceart eile **3**

2. *Tabhair tairbhe **amháin** le ruaim a úsáid.*

   Déan (cealla) níos sofheicthe **nó** (déan cealla) níos fusa le feiceáil **3**

(v) *Bhí íomhá na cille in A 2 cm ar leithead. Cad é fíorleithead na cille seo?*

0.005 (cm) **nó** 2/400 (cm) **nó** 1/200 (cm) **nó** 5 x $10^{-3}$ (cm) (glac le haonai eile má tá siad ceart) **3**

(vi) *Taispeántar cealla ag x100 in íomhá **B**. Déan cur síos ar na céimeanna a ghlactar chun na cealla seo a bhreithniú ag x400.*

Roghnaigh (nó úsáid) ardchumhacht **nó** roghnaigh (nó úsáid) (lionsa oibiachtúil) x40 **3**

Úsáid mionfhócas **3**

**8**

| C8 (b) (i) – (vi) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 | 12 | 15 | 18 | 21 | 24 |

**Ceist 9** **30**

(a) (i) *Cad a chiallaíonn an téarma uatrófach?*

(Orgánach atá) ábalta a bhia féin a dhéanamh **3**

(ii) *Mínigh an fáth gur imoibriú anabalach atá san fhótaisintéis.*

Forbraítear glúcós ó $CO_2$ and $H_2O$ **nó** Teastaíonn ionchur fuinnimh chun móilíní beaga a fhorbairt go móilíní móra **nó** le haghaidh fótaisintéise. **3**

**2**

| C9 (a) (i) – (ii) | Líon na bhfreagraí cearta | 1 | 2 |
|---|---|---|---|
| | Marc | 3 | 6 |

**8(3)**

(b) *Imscrúdú ar éifeacht déine solais nó tiúchan $CO_2$ ar an ráta fótaisintéise*

(i) *Ainmnigh orgánach fótaisintéiseach oiriúnach a d'úsáid tú san iniúchadh sin.*

Tím uisce (nó Duileasc abhann) **nó** orgánach eile atá ainmnithe i gceart **3**

(ii) *Cén fáth a raibh an t-orgánach atá ainmnithe i gcuid (b) (i) thuas oiriúnach don iniúchadh sin?*

Is féidir planda uisceach **nó** boilgeoga a fheiceáil **nó** (tiúchan nó toirt) gáis a thomhas **3**

(iii) *Cén fáth a raibh sé tábhachtach tosca eile a choinneáil tairiseach?*

Ní ann ach athraitheach amháin **nó** ní théann (siad) i bhfeidhm ar an ráta **nó** braitheann an ráta ar an toisc atá á athrú **nó** ar thástáil chothom **nó** ar thorthaí níos iontaofa **nó** chun gníomhaíocht einsíme a choimeád. **3**

(iv) *Conas a choimeád tú teocht an orgánaigh tairiseach sa ghníomhaíocht sin?*

Dabhach uisce nó cur síos air **3**

(v) *Mínigh conas a thomhais tú ráta na fótaisintéise.*

Déan líon na mboilgeog a chomhaireamh **nó** tomhas an toirt **3**
in aghaidh an nóiméid (nó aonad ama) **nó** thar thréimhse shocraithe ama **3**

(vi) 1. *Sceitse den toradh a bhfuiltear ag súil leis ag 25°C ( ——— ),*

Líne ag méadú (ó nialas) (ag cothromú de réir a chéile) **3**

2. *Sceitse den toradh a bhfuiltear ag súil leis ag 60°C (------),*

Líne ar x-ais **nó** an-ghar do x-ais **3**

**8**

| C9 (b) (i) – (vi) | Líon na bhfreagraí cearta | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Marc | 3 | 6 | 9 | 12 | 15 | 18 | 21 | 24 |

**Ceist 10** **30**

(a) (i) *Luaigh suíomh i bplandaí ina dtáirgtear rialaitheoirí fáis.*

Míristéama **nó** barr fréimhe **nó** barr péacáin **nó** aon míristéama nó suíomh atá ainmnithe i gceart **3**

(ii) *Conas a iompraítear rialaitheoirí fáis thart timpeall i bplanda?*

(Trí) idirleathadh **nó** (trí) fíochán soithíoch **nó** fléam **nó** xiléim *(glacadh tuaslagtha in uisce)* **3**

**2**

| C10 (a) (i) – (ii) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 |
|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 |

**8(3)**

(b) *Éifeacht rialtóra fáis IAA ar fhíochán plandaí.*

(i) *Ainmnigh fíochán planda oiriúnach a d'úsáid tú san iniúchadh sin.*

Fréamh **nó** péacán **nó** síol (nó síol ainmnithe) **3**

(ii) *Déan cur síos ar an mbealach ar chuir tú an t-iniúchadh i bhfearas.*

Tiúchain éagsúla (de IAA) / níos mó ná síol nó fíocháin amháin / tástáil chothrom nó cur síos orthu (m.sh. toirteanna comhionanna) / cur síos ar rialú / píosa gairis ainmnithe / fág go ham oiriúnach / aon chéim phraiticiúil cheart eile ***Ceithre cinn ar bith*** **4(3)**

(iii) *Déan cur síos ar an tslí ar thomhais tú tionchar IAA ar an bhfíochán planda.*

Úsáid rialóir (nó greille) chun fad (nó fás) fíocháin a thomhas **3**

(iv) *Déan cur síos ar thoradh **amháin** ar bith ar d'iniúchadh.*

Fás fréimhe níos mó i dtiúchan íseal **nó** fás péacáin níos mó i dtiúchan ard **3**

(v) *Déan cur síos ar réamhchúram sábháilteachta **amháin** a ghlac tú agus an t-iniúchadh sin á dhéanamh agat.*

Úsáid lámhainní **nó** cóta saotharlainne **nó** masc nó aon réamhchúram ceart eile **3**

**8**

| C10 (b) (i) – (v) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 | 12 | 15 | 18 | 21 | 24 |

| **Roinn C** | **An 3 Fhreagra is Fearr** | **180** |
|---|---|---|

**Ceist 11** **60**

(a) (i) *Tabhair réamhchúram **amháin** a ghlacann eolaithe nuair a bhítear ag obair le miocrorgánaigh sa tsaotharlann.*

Glan an dromchla le díghalrán (nó antaiseipteach nó alcól nó ainmnithe) **nó** oscailt íosta plátaí nó séalaigh plátaí **nó** las (nó steiriligh) trealamh **nó** lámhainní a chaitheamh **nó** úsáid díghalrán láimhe **nó** nigh lámha le gallúnach **nó** coinnigh Bunsen lasta (in aice láimhe) **nó** diúscairt i gceart **nó** aon réamhchúram ceart eile (i.e. TCP) **3**

(ii) *Mínigh na téarmaí a chuirtear i bhfeidhm ar orgánaigh bheo.*

*Aiseipseas:* saor ó phaitiginí **3**

*Steirilíocht:* saor ó mhiocrorgánaigh **3**

**3**

| C11 (a) (i) – (ii) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 |

(b) (i) *Líníocht de chill bhaictéarach thíopúil:*

Cillbhalla + cillscannán + agus léiriú d'aigéad núicléasach **3**

**1**

| C11 (b) (i) Léaráid: | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 |
|---|---|---|
| | **Marc** | 3 |

*Lipéid:*

Cillbhalla / cillscannán / cíteaplasma / crómasóm / plasmaid / lascghéagáin / cochall **nó** ciseal slaim ***Trí cinn ar bith*** **3(1)**

**3**

| C11 (b) (i) Lipéid: | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 1 | 2 | 3 |

(ii) *Déan cur síos ar na príomhimeachtaí i dtáirgeadh ionspór.*

Atáirgtear DNA / bogann sé go deirí na cille / crapadh (nó caillteanas uisce) cíteaplasma (nó cill) / cruthaítear ballaí tiubha (nó cur síos orthu) / taobh istigh den chill bhunaidh / cuimsítear DNA (snáithe) / bailítear (cill) ***Trí cinn ar bith*** **3(3)**

(iii) 1. *Tabhair **dhá** shampla ar bith de bhaictéir dhíobhálacha.*

Dhá bhaictéar ar bith ainmnithe i gceart **nó** galair bhaictéaracha ainmnithe **2(3)**

2. *Is féidir ionfhabhtuithe baictéaracha a chóireáil le hantaibheathaigh. Cad is antaibheathach ann?*

Ceimiceán a mharaíonn baictéir (nó a chuireann bac ar a bhfás) **3**

3. *Luaigh cúis **amháin** a d'fhéadfadh a bheith le teacht chun cinn na frithsheasmhachta in aghaidh antaibheathach i mbaictéir.*

Ró-úsáid (mí-úsáid) **nó** sócháin i mbaictéar **3**

**7**

| C11 (b) (ii) – (iii) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 | 12 | 15 | 18 | 21 |

**Ceist 11** (ar lean)

(c) (i) *Tabhair **dhá** thoisc a mbíonn tionchar acu ar fhás miocrorgánach.*

Teocht / tiúchan ocsaigine / pH / tiúchan tuaslagáite seachtraí **nó** infhaighteacht uisce / brú / infhaighteacht bia / antaibheathaigh ann / táirgí dramhaíola ann

***Dhá cheann ar bith*** **2(3)**

(ii) *Mínigh conas a théann **ceann amháin** de na tosca seo i bhfeidhm ar fhás.*

Míniú meaitseála (gabh le gníomhaíocht einsíme mar mhíniú ar theocht, pH, infhaighteacht uisce, srl) **3**

(iii) *Déan idirdhealú idir:*

*Baisc:* téann orgánaigh trí gach céim de chuar an fháis (nó céimeanna ainmnithe) **nó** cuirtear méid seasta cothaitheach leis ag an tús **nó** folmhaítear bith-imoibreoir ag an deireadh. **3**

*Sreabhadh leanúnach:* coinnítear orgánaigh gcéim fáis amháin (log nó do-aistrithe) **nó** cuirtear cothaithigh leo **nó** baintear táirgí díobh de shíor. **3**

(iv) *Sceitseáil plota de chuar an fháis. Cuir lipéid ar na haiseanna **agus** lipéid ar an gcuar leis na cúig phas.*

*Sceitse:* Gach cúig chéim le feiceáil ar an gcuar **3**

*Lipéid aiseanna:* *x-ais*: Am **agus** *y-ais*: Daonra **nó** Líon na n-orgánach **3**

*Lipéid an chuair:* Lipéadaithe i gceart agus gach ceann de na cúig chéim san ord ceart **3**

**8**

| C11 (c) (i) – (iv) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 | 12 | 15 | 18 | 21 | 24 |

**Ceist 12** **60**

(a) *Mínigh na **trí** théarma éiceolaíochta seo a leanas:*

*Bithsféar:* Cuid den domhan inar féidir beatha a bheith ann **3**

*Nideog:* Ról an orgánaigh (nó an phlanda nó an ainmhí) **3**

*Siombóis:* Gaol idir speicis lena mbaineann tairbhe (nó cur síos air) **3**

**3**

| C12 (a) | **Líon na bhfreagraí cearta** | 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|---|---|
| | **Marc** | 3 | 6 | 9 |

(b) (i) *Mol cúis **amháin** a bhfuil na snáthaidí móra chomh maith sin mar chreachadóirí.*

